
# Bord 6b: An Comhpháirt Indéanta de Bhóthair don Réiteach Iompar - 2 of 2

Tionscadal Iompar Cathair na Gaillimhe


## An Rogha Oráiste




Tosaíonn an Rogha Oráiste ar an imeall thoir de Bhearna ag an R336 agus téann sé thoir thuaidh i dtreo baile fearann Na hAille agus tríd Leitreach. Ó seo, trasnaíonn an Rogha Oráiste faoi Abhainn na Gaillimhe i dtollán agus is i dTír Oileáin a dtagann an tollán aníos. Ceanglaíonn an Rogha Oráiste leis an N6 atá ann cheana féin, leanann sé an bóthar go Cúil Each, an áit a gcríochnaíonn an Rogha Oráiste.

Mar chuid den Rogha Oráiste, tá nasc bóthar, an Nasc N59, a cheanglaíonn an N59 agus Bóthar Stiofáin isteach leis an rogha seo.


## An Rogha Bhuí




Tosaíonn an Rogha Bhuí i tIarthar Bearna ag an R336 agus leanann sé an Rogha Ghlas thar Na hAille, áit ina athraíonn sé go dtí an Rogha Ghorm. Leanann an Rogha Bhuí i dtreo thoir, trasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ag Daingean i dtreo Mionlach sula téann sé thoir theas tríd baile fearainn An Caisleán Gearr. Is é seo an áit a gceanglaíonn an Rogha Bhuí leis an N6 atá ann cheana féin agus leanann sé an bóthar go Cúil Each, an áit a gcríochnaíonn an Rogha Bhuí.

Mar chuid den Rogha Bhuí, tá nasc bóthar, an Nasc N59, a cheanglaíonn an N59 agus Bóthar Stiofáin isteach leis an rogha seo.

## An Rogha Bhándhearg




Tosaíonn an Rogha Bhándhearg ar an imeall thiar de Bhearna ag an R336 agus ritheann sé le taobh an bóthar faoisimh atá comhthreomhar le, agus ó thuaidh den R366. Beidh an tógáil don pháirt fuilleach de Bóthar Faoisimh an Bearna san áireamh mar chuid den Rogha Bhándhearg. Ón mbóthar faoisimh leanann an Rogha Bhándhearg thoir thuaidh trí baile fearann An Chloch Scolite, Na hAille, Mionchluain agus An Daingean. Ansin trasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ionas go bhfuil sé ar an taobh theas de Chaisleán Mhionlaigh. Uaidh seo leanann an Rogha Bhándhearg i dtreo thoir Cairéal Leacach áit ina téann an Rogha Bhándhearg faoi thalamh i dtollán agus tagann sé aníos arís sula dtrasnaíonn sé an N84. Leanann sé soir tríd an baile fearainn de An Caisleán Gearr agus trasnaíonn sé an N17. I mBaile an Bhriotaigh, téann an Rogha Bhándhearg faoi thalamh i dtollán gearr sula gceangalíonn sé isteach leis an N6 atá ann cheana féin.

Mar chuid den Rogha Bhándhearg, tá nasc bóthar, an Nasc N59, a cheanglaíonn an N59 agus Bóthar Stiofáin isteach leis an rogha seo.

**Nóta Séanta:**
Tá na roghanna atá léirithe ina bhfoirm dréacht, d'fhéadfaí athraithe teacht orthu. Is mar thoradh ar mheasúnaithe níos mionchruinne, ar staidéar leanúnach agus ar eolas ón bpobal go ndéanfar athruithe go dtí na roghanna seo.